**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**
**MEASÚNÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

---

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE**
**FÓMHAR, 2022**

---

**An Triail Scríofa - 100 MARC**

---

**Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).**
**Freagair cúig cheist.**

---

## ROINN A

### SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

**Freagair Ceist 1 nó Ceist 2**

**1.** Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an Príomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an Aire Oideachais, Sráid Maolbhríde ag gearán faoin gcinneadh atá déanta ag an Aire, do scoil a dhúnadh agus a chónascadh le scoil níos mó.

**2.** Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an Príomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an Aire Oideachais, Sráid Maolbhríde, Baile Átha Cliath 1 ag gabháil buíochais léi as trealamh súgartha a bhronnadh ar an scoil agus a chuirfear i gclós na scoile.

(30 marc)

## ROINN B

### AISTRIÚCHÁIN

**Freagair Ceist 3 agus Ceist 4**

**3.** Aistrigh go Gaeilge:-
(a) Paul! Stay out of the pool of water.
(b) Stand back, children and let me open the door.
(c) Aisling! Hang up your coat, your scarf and your hat on the rail.
(d) Who owns these gloves? Put them in the pocket of your coat, please.
(e) Ciarán! Do not leave your bag in the passageway.
(f) Ciara! Show me your copybook please.
(g) How many people are absent today?
(h) Did you forget your lunch, Brian?
(i) John! Put all that rubbish in the rubbish bin.
(j) Finish up now, children and clean your tables.

(15 mharc)

**4.** Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: Excuse me, Niamh. I'm sorry for disturbing you.
Teacher: You're not disturbing me at all. We're finishing up here and then the children will be going out to the yard.
Principal: That is why I want to speak to you.
Teacher: Well! It isn't raining today, thank God. They will be able to go out to the yard, won't they?
Principal: There is a very strong wind blowing and the weather forecast says there is a storm coming.
Teacher: It isn't too bad at present. They will be very dissatisfied if they have to stay in again today.
Principal: Do you think it will be safe for them to go out?
Teacher: I do. I will be on duty. If it gets very windy altogether I will bring them in.
Principal: That will be great. We have to be careful.
Teacher: Don't worry. I'll keep an eye on things.

(20 marc)

# ROINN C

## GRAMADACH
## Freagair Ceist 5

**5.** Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

**An Briathar:**

1. A pháistí! (Ól) ________________________ uisce gach lá.
2. A Phóil! Ná (ith) ________________________ brioscaí roimh do dhinnéar.
3. Níor (dún) _______________________ sí an doras ina diaidh aréir.
4. Ní (glan: sé) ________________________ an seomra bia amárach.
5. Ar (clois: tú) _________________________ ó do dheartháir an tseachtain seo caite?
6. (Imigh: sí) _______________ ar thuras ar fud an domhain, dá mbeadh sí ar shos gairme.
7. An (téigh: siad) ___________________________ ag siopadóireacht gach Satharn?
8. Nach (ullmhaigh: sibh) _________________ an dinnéar d'Aintín Bairbre amárach?
9. (Cabhraigh) _________________________ Caitríona lena hathair gach Satharn.
10. Dá mbeadh sé ag cur sneachta, (cuir: sé) __________________ cóta mór air féin.
11. (Críochnaigh: sí) _________________________ na tuairiscí amárach.
12. (Ceannaigh) ______________________ go leor seacláide i rith na Cásca de ghnáth.
13. (Ith) _____________________ na ceapairí go léir ag an Lá Spóirt inné.
14. Deir Máirín (tiomáineann)_________________________________ sí ar scoil gach lá.
15. Dúirt Nóra (tabharfaidh) ____________________ sí a huirlisí ceoil isteach an lá ina dhiaidh sin.
16. Dúirt Sinéad (níor chaith) _______________________ sí an t-airgead go léir inné.
17. Is breá le Proinsias a bheith ag (bácáil) _______________________________.
18. Tá an chistin (glan) ________________________ ó bhun go barr ag Róisín.
19. Dá (múch: siad) __________________ a bhfóin phóca, bheidís in ann díriú ar an obair.
20. Má (tar) ___________________ Eoin ar cuairt níos déanaí, ní bheidh aon ionadh orm.

**An Chopail:**

21. Is (ainmhí) ______________________ an broc.
22. Nach (iad) _________________ Nollaig agus Treasa a tuismitheoirí?
23. Nárbh (í) ______________________ Nóirín úinéir an tsiopa?
24. Ba (bainisteoir) __________________________ í Síle.

**An tAinmfhocal**

25. Tá an (cailín [fir.])__________________________ sin an-chumasach.
26. Is í sin an (sráid [bain.]) __________________________ is deise i nGaillimh.
27. Buailfidh mé leat ag (an t-aerfort) ___________________________.
28. Rith na páistí suas chuig (na himreoirí) ________________________.
29. Bhí an gruagaire ag cíoradh (an ghruaig) ___________________________.
30. Tharla an timpiste ag tús (an sos) __________________________.
31. Bainim an-sult as a bheith os comhair (na páistí) ________________________.
32. Céard a cheapann tú faoi phraghas (na pinn) _____________________ nua?

**An Aidiacht**

33. Is iad seo na bróga (is: deas) _____________________________.
34. Tá Colm (níos: ciúin) _____________________________ ná Siobhán.

**An Aidiacht Shealbhach**

35. Bhuail mé (le: bhur: athair) _________________________ aréir.
36. Chaitheamar na laethanta saoire (le: ár: aintín) ________________________.

**An Forainm Réamhfhoclach**

37. Is breá liom an carr nua atá (ag: í) __________________________.
38. A Pháistí! Cuirigí (ar: sibh) ______________________ bhur gcótaí!

**Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos**

39. Bhí Aisling _______________ staighre. Chuaigh a máthair suas chun labhairt léi.

**Isteach, Istigh; Amach, Amuigh**

40. Rachaidh Feargal _____________________ ag rith tar éis na hoibre.

**Uimhreacha**

41. Scríobh i bhfocail: Rang 6: _________________________.
42. Tá ocht (úll) ________________________ sa bhosca.
43. Ceathrar (páiste) __________________ atá i gclann Uí Shé.
44. Tá an dara (caibidil) _____________________ sa leabhar ar fheabhas.

**Gramadach an Bhriathair**

45. Scríobh an aimsir chaite, an fhoirm dhearfach, an chéad phearsa uatha den bhriathar ‘léim.’

___________________________________________________________________________.

46. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhiúltach, an tríú pearsa iolra den bhriathar ‘ceistigh.’

___________________________________________________________________________.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar ‘tabhair.’

___________________________________________________________________________.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘ag éisteacht.’

___________________________________________________________________________.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘bhaileoimis.’

___________________________________________________________________________.

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘déanfar.’

___________________________________________________________________________.

(25 mharc)

# ROINN D

## LÉAMHTHUISCINT

**Freagair Ceist 6 nó Ceist 7**

**6.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Sliocht, atá curtha in oiriúint, as *Aiséirí* le hAlex Hijmans foilsithe in Gaillimh: Díolaim Cathrach, Cló Iar-Chonnacht, 2020, 265-279.**

Bhí Rebekka cortha den siúl. Bhí a gualainn á gortú ó bheith ag iompar an fhillteáin chiotaigh, nár dhún i gceart a thuilleadh. Mar bharr ar an mí-ádh bhí sí tar éis dul amú. Arís. Chuir camshráideanna na Gaillimhe amú i gcónaí í.

Ní raibh aon chur amach aici ar an gcuid seo den chathair. Bhí cuma bhocht ar an gceantar, an cineál bochtanais a shamhlaigh síl le *The Commitments*, an scannán a mhúscail a suim in Éirinn an chéad lá riamh…

Chas sí ar chlé, isteach i sráid a bhí níos leithne ach chomh liath, gruama céanna. D'fhan sí ina seasamh i lár an bhóthair, ag stánadh ar fhoirgneamh ar chuir a ghránnacht dhána faoi dhraíocht í. Foirgneamh mórthaibhseach a bhí ann, déanta as coincréit lom dhorcha, a chaith scáth fada ar an tsráid. Bhí an chuma air gur tógadh am éigin sa chéad leath den fhichiú haois é…

Bhí focal aisteach greanta sa choincréit os cionn na fuinneoige: 'AISÉIRÍ.'… Bhí an doras ar oscailt. Bhí ceol le cloisteáil agus nuair a tháinig Rebekka níos gaire, thug sí boladh caife faoi deara. An bhféadfadh sé gurbh é 'Aiséirí' an focal Gaeilge ar chaife? Más ea, iontach. Bhí cupán caife ag teastáil uaithi go géar.

Bhí aghaidh an fhoirgnimh lom agus gruama, ach taobh istigh bhí an áit te teolaí. Chruthaigh dath corcairdhearg na mballaí atmaisféar baineann…

Bhí an áit nach mór folamh. Bhí fear beag maolchloigneach ina shuí ar cheann de na stólta arda ag an gcuntar…

Ba chuma léi nár tháinig an freastalaí fad léi láithreach bonn. Ní raibh a fhios aici céard a bhí uaithi. I ndáiríre ba leor suí anseo, foscadh a fháil ón ngrian, a bhí an-tréan do Mheán Fómhair, éisteacht leis an gceol suaimhneach, le caint an fhir agus an fhreastalaí, agus a scíth a ligean. I nGaeilge a bhí an bheirt acu ag caint, nó sin a mheas Rebekka, pé scéal é: bhí cuma ró-Éireannach orthu le bheith ina n-eachtrannaigh, ach níor thuig sí focal dá raibh á rá acu. Scéal greannmhar éigin a bhí ann, rinne an bheirt gáire ard cúpla babhta. Níor thug Rebekka mórán suntais dá gcomhrá. Sa bhaile, san Ísiltír, bhí muintir na Tuirce agus muintir Mharacó i gcónaí ag cabaireacht ina dteangacha féin – níor chuir sé isteach ná amach uirthi nár thuig sí céard a bhí á rá.

Ar an tsráid taobh amuigh ní raibh le feiceáil ach gadhar ina luí i ndoras an tsiopa grósaera díreach trasna ón gcaifé.

**Buntuiscint:**

1. Céard a mhúscail spéis Rebekka in Éirinn ar dtús?
2. Cén t-ainm a bhí ar an gcaifé a d'aimsigh sí i nGaillimh?
3. Cá raibh an fear nach raibh aon ghruaig air ina shuí?

**Tuiscint liteartha:**

4. Cén fáth a raibh tuirse ar Rebekka ag tús an tsleachta?
5. Cén chodarsnacht a bhí ann idir an taobh amuigh den chaifé agus an taobh istigh den chaifé?

(10 marc)

**7.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair <u>i d'fhocail féin</u> na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Sliocht atá curtha in oiriúint as *Sráid Choilm* (Úrscéal d'Fhoghlaimeoirí), le Elizabeth Pulford, aistrithe go Gaeilge ag Brent Putze, An tÁisaonad, 2010, 5-8.**

Tá Sráid Choilm ar an tsráid is measa ar an bhaile mhór. Ar domhan, is dócha. Agus anois tá Bean Mhic Aoidh ag iarraidh orainn sráid atá maith don timpeallacht a dhéanamh di.

"Nach í atá amaideach!"

"Is maith liom Bean Mhic Aoidh," arsa Áine.

"Is maith agus is maith liom féin í. De ghnáth."

Shiúil muid ar aghaidh gan focal asainn. Bean Mhic Aoidh an múinteoir atá againn. De ghnáth, bíonn sí ar dóigh, í lán smaointe nua. Na smaointe is fearr ar domhan. Ach an smaoineamh seo? Amaideach amach is amach.

"Thiocfadh linn crainn a chur," arsa Áine, í dhá choiscéim ar mo chúl agus ag smaoisíl amhail is go raibh slaghdán uirthi.

Rinne mé gáire. "Cad é? Bíodh splanc chéille agat!"

Is í Áine an cara is measa agam. Is maith léi mé is cuma cad é a deirim nó a dhéanaim. Tá sí cosúil le luchóg. Tá gruaig ghairid dhonn uirthi, súile donna aici ach tá sí beag bídeach dá haois.

Níl mise dóighiúil ach oiread. Bíonn mo ghruaig fhionn trína chéile i gcónaí. Ar a laghad is iománaí maith mé.

"Cad é faoi bhláthanna a chur?"

"Is ea. Agus thiocfadh linn an cosán a ní chomh maith." Murach Áine, tá mé cinnte go mbeadh Sorcha Nic Pheadair mar chailín agam. Somhairle agus Sorcha. Sin é. Ach ina áit sin tá Áine agam, í do mo leanúint an t-am ar fad, ag smaoisíl mar a bheadh muc ann. Is dócha nach bhfuil an locht uirthise go bhfuil rud éigin cearr lena srón.

"Fanaigí bomaite."

Stop muid agus thiontaigh. Éamann a bhí ann. Tá cónaí air os cionn an tsiopa ag coirnéal Shráid Choilm. Is lena thuismitheoirí é agus is leo an teach béal dorais fosta.

Ligeann siad an teach ar cíos d'Aonghas de Brún, seanfhear a bhí ina thiománaí traenach nuair a bhí sé óg. Siopa beag dorcha atá ann, ach bíonn na pióga is fearr acu. Tá Éamann sa rang s'againn ar scoil chomh maith. Cuirim suas leis nó bíonn go leor milseán i gcónaí aige.

"Cad é bhur mbarúil?" ar sé, ag teacht a fhad linn. Bhí a aghaidh dearg ó bheith ag rith.

"Faoi cad é?"

"Faoin chomórtas timpeallachta ar scoil?"

"Tá sé amaideach," arsa mise.

Arsa Áine, "Sílim gur smaoineamh maith atá ann."

**Buntuiscint:**

1. Cén plean atá ag Bean Mhic Aoidh do Sráid Choilm?
2. Cén dath atá ar shúile Áine?
3. Cén fhadhb shláinte atá ag Áine?

**Tuiscint liteartha:**

4. Cén sásamh a léiríonn an t-údar le tuairimí Bhean Mhic Aoidh?
5. Céard faoi a bhfuil easaontú ag deireadh an tsleachta?

(10 marc)